

Fáilte chuig an 31ú heagrán dár nuachtlitir, JC Today. Is í an **Smaointeoireacht Chriticiúil** téama an eagrán cheiliúrtha seo. Sna chéad leathanaigh eile, beidh deis agat foghlaim faoi roinnt de na tacaí a chruthaigh agus a d'úsáid foirne éagsúla SSM in FGL roghnach agus lárnach chun smaointeoireacht chriticiúil a chur chun cinn i seomraí ranga na Sraithe Sóisearaí.



Is scil riachtanach í an smaointeoireacht chriticiúil do scoláirí mar go gcabhraíonn sé leo eolas a mheas, cinntí eolasacha a dhéanamh agus fadhbanna casta a réiteach. Spreagann sé iad a bheith ag smaoineamh lasmuigh den fhaisnéis ar leibhéal bunúsach agus tochailt níos doimhne chun an réasúnaíocht agus an fhianaise a thuiscint. I ndomhan fíorthapa an lae inniu, áit a bhfuil eolas ar fáil go héasca, cabhraíonn smaointeoireacht chriticiúil le scoláirí idirdhealú a dhéanamh idir foinsí iontaofa agus neamhiontaofa, agus gan glacadh le gach rud a léann siad nó a chloiseann siad ar a chosúlacht.

Gan dabht, cabhraíonn scileanna smaointeoireachta chriticiúla le scoláirí cruthaitheacht, neamhspleáchas agus féinmhuinín a fhorbairt, agus cuirtear gach ceann acu chun cinn trí Phrionsabail agus Phríomhscileanna an Chreata don tSraith Shóisearach (2015).

Inár gcuid oibre le múinteoirí, déanaimid ár ndícheall na deiseanna chun smaointeoireacht chriticiúil a chur chun cinn trí eispéiris éifeachtacha foghlama dár scoláirí. Tá súil agam go mbeidh na hailt éagsúla san eagrán seo úsáideach, faisnéiseach agus praiticiúil do do réimse ábhair.

Liam Bannon, Eagarthóir

Clár ábhair:

• Smaointeoireacht Chriticiúil sa tSS	2
• English	3
• OSPS	5
• Corpoideachas	6
• Eacnamaíocht Bhaile	9
• Stair	10
• Tíreolaíocht	11
• Oideachas Reiligiúnach	13
• Eolaíocht	15
• Na Teicneolaíochtaí	18
• Amharc-Ealaín	19
• Gaeilge	21
• Na hEalaíona sa tSS	23
• Féile SSM	25
• Podchraoltaí - Junior Cycle Talks	27
• Tacaíochtaí Breise	28

Smaointeoireacht Chriticiúil sa tSraith Shóisearach



Cliceáil ar an íomhá chun í a íoslódáil



"Cuidíonn príomhscileanna le foghlaimeoirí an t-eolas, na scileanna agus an dearcadh a fhorbairt chun dul i ngleic le dúshlán an lae inniu, a bhfuil cuid mhór díobh ann. Tacaíonn siad freisin leis an scoláire foghlaim conas foghlaim agus a bheith freagrach as a chuid foghlama féin."


An Creat don tSraith Shóisearach (2015)

W. B. Yeats once wrote “ Education is not the filling of the pail, but the lighting of a fire”. The Junior Cycle key skills, principles and statements of learning strive to ignite this spark and to instil curiosity, innovation and creativity in students. For students to be competent, independent and happy citizens in the modern world it is important that they develop evaluative and analytical skills. Critical thinking allows students to ask “what” and “what if”, “how” and “why”, so that they can synthesise, analyse, evaluate and create. The ways in which the Junior Cycle English Team supports the development of critical thinking skills are multifaceted.

Effective questioning is an important element of eliciting critical thinking. The English Cluster Day, 2023, utilised HOT (Higher Order Thinking) questioning strategies to encourage creativity and innovation. In the morning session, a possible extended writing exercise was introduced where students could be encouraged to consider language structure and word choice by rewriting a piece of Shakespearean text into modern or local dialect.



In this way students, could appreciate the language structure of Shakespeare through their own lens.



*Click image to
access supports*

In the afternoon session, teachers were offered two questions for the play *The Wheelchair on My Face* and asked to design a third. A support on Bloom’s Taxonomy was offered to aid in this design. While many will be familiar with the Taxonomy, it remains useful in encouraging effective questioning. It effectively moves students through the LOT (Lower-Order Thinking) questions of recall and understanding, towards HOT (Higher-Order Questioning) questioning; supporting students to apply the knowledge, analyse, evaluate and lastly, create. In this way, effective questioning promotes active participation and critical thinking.

Making connections in another vital component of critical and evaluative thinking. In an upcoming webinar entitled **“Coherence and Expression: Developing Writing Skills Through the Indicative and Prescribed Text Lists”** a number of strategies are presented to help students make connections in language. Through a critical analysis of word choice, grammar conventions and colloquialisms connections to a character’s background or status are prompted. This webinar takes place on **Tuesday, March 28th at 6.30pm** and you can register for this webinar at this [link](#).

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers
English

Coherence and Expression:

Developing Writing Skills through the
Indicative and Prescribed Text Lists

A webinar exploring supports for:

Knights of the Borrowed Dark
Blood Brothers
Sing Street

Tuesday,
March 28th
6.30pm

KNIGHTS OF THE BORROWED DARK
DAVE RUDDEN

WILLY MURPHY'S
BLOOD BROTHERS

SING STREET

The graphic is a light blue rectangular box with a thin black border. It contains text and images. At the top right is the JuniorCYCLE logo. The main title is in a large, bold, black font. Below it is the subtitle in a smaller, bold, black font. Underneath is a line of text: 'A webinar exploring supports for:'. This is followed by three movie titles in italics. At the bottom, there is a laptop displaying the date and time, and three movie covers: 'Knights of the Borrowed Dark', 'Blood Brothers', and 'Sing Street'.

Click on the image to register

Finally, in “The Statements of Practice – Learning and Teaching Domain 1: Learner Outcomes” section of Looking at Our School (LAOS) (2022), critical thinking is mentioned four times. It is seen to be a crucial element in the development of creative, innovative and autonomous young people. In a world where content knowledge has become less important, critically analysing and evaluating the content students encounter very day has grown in prominence. For us to live up to the word “Educo” we need to lead students to be critical thinkers in their lives.

Glacann múinteoir Oideachais Shóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) ról éascaithe ina seomra ranga.

Is é atá i gceist leis seo:

- pleanáil don fhoghlaim i gcomhar lena gcuid scoláirí chun a fháil amach cad iad na hábhair ar leith spéise agus imní atá acu sa réimse staidéir atá idir lámha acu
- modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama gníomhacha agus comhoibríocha a úsáid ina seomraí ranga

Príomh-mhodheolaíocht teagaisc agus foghlama i dteagasc OSPS/OCG na Sraithe Sóisearaí ná ceisteanna maithe a chumadh. Is féidir le ceisteanna dea-ullmhaithe dúshlán toimhdí a thabhairt, smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh agus machnamh a ghríosú.



Tá acmhainní le fáil i Sraith Uirlisí OSPS/OCG an CNCM chun cabhrú le múinteoirí chur lena bhforbairt ghairmiúil in OSPS/OCG ar bhonn neamhspleách, ag leibhéal na foirne ábhair nó na foirne iomláine. Acmhainn úsáideach i Sraith Uirlisí OSPS/OCG seo is ea **'An múinteoir mar éascaitheoir foghlama'**, ina ndéantar iniúchadh ar scileanna chun plé sa seomra ranga a éascú agus ceisteanna, ráitis agus frásaí féideartha le húsáid agus plé sa seomra ranga ar siúl.

Cliceáil ar an íomhá chun rochtain a fháil ar an acmhainn



Úsáid Feidhmeanna Teicneolaíochta sa Chorpoideachas a Iniúchadh Trí Lionsa na Smaointeoireachta Criticiúil

Tagraíonn smaointeoireacht chriticiúil do raon ilghnéitheach scileanna agus gníomhaíochtaí intleachtúla a bhaineann le faisnéis, chomh maith lenár smaointe féin, a mheas ar bhealach ábhartha. Is príomhscil í nach mór a fhorbairt agus a chothú. Is féidir le smaointeoireacht chriticiúil a bheith cruthaitheach, agus machnamhach. Chomh maith leis sin, is féidir fianaise a mheas chun cinneadh a dhéanamh duit féin ar rudaí atá cruinn agus ábhartha.

Trí thacaíocht a thabhairt do dhaltaí a bheith ina smaointeoirí criticiúla sa Chorroideachas, cabhraíonn sé leo a bheith ina dtomhaltóirí criticiúla ar fhaisnéis a bhaineann le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp, mar shampla, a chuideoidh leo nasc a dhéanamh idir gníomhaíocht choirp rialta agus a sláinte agus folláine féin.

Tá úsáid na teicneolaíochta digití san oideachas bunaithe go maith thar gach réimse foghlama. D'fhéadfadh úsáid a bhaint as, aipeanna agus láithreáin ghréasáin de ghnáth. I ndomhan athraitheach na teicneolaíochta digití, is minic a fhorbraítear uirlisí digiteacha lena n-úsáid mar aip nó don ghréasán, rud a thugann feidhmiúlacht dhifriúil. Is fiú na gnéithe agus feidhmeanna 'inúsáidteachta' a bhaineann le haon uirlisí digiteacha a bhfuil tú ag fiosrú lena n-úsáid a fháil amach.

Tá méadú ag teacht ar líon na n-aipeanna oideachais atá ar fáil inniu atá solúbtha ó thaobh úsáide agus inrochtaineachta. Tagraíonn sé seo do na buntáistí traschuraclaim a bhaineann le go leor aipeanna agus suíomhanna gréasáin atá deartha le húsáid san oideachas, go minic le rochtain saor in aisce orthu.

Is féidir le húsáid aipeanna sa Chorroideachas cuidiú le fianaise a bhailiú ar fhoghlaim i ngníomhaíocht choirp, trí agus faoi ghníomhaíocht choirp don mhúinteoir agus don dalta araon. Is féidir le go leor aipeanna atá ar fáil cheana féin tacú le foghlaim i **Sonraíocht nua 135 uair an chloig Corroideachas na Sraithe Sóisearaí 2022** ó spás bainistíochta an tseomra ranga go dtí feidhmíocht a thomhas le haghaidh athbhreithnithe agus machnaimh.




Corpoideachas

Déanaimis iniúchadh ar thrí aip anseo chun machnamh a dhéanamh ar conas a chuidíonn siad tacú le foghlaim scolairí agus le smaointeoireacht chriticiúil sa seomra ranga Corpoideachais. Is iad na haipeanna ná: **Classroomscreen**, **Dashr** agus **Slopro**.

Classroomscreen

Déantar cur síos ar **Classroomscreen** mar uirlis ar líne a chuimsíonn 19 nguirléid chun ionchais shoiléire a chruthú do do dhaltaí, tacú le do bhainistíocht ama, aiseolas a bhailiú agus go leor eile!

Is ardán digiteach é chun faisnéis a bhailiú ó fhormáidí éagsúla meán a lárú. Tá go leor uirlisí amhairc simplí ar an scáileán idirghníomhach, mar shampla lasc ama, clog, soilse tráchta, roghnú ainmneacha randamacha, pobalbhreitheanna, téacs, íomhánna, chun cuidiú le rannpháirtíocht agus bainistíocht foghlama an tseomra ranga.



Cliceáil ar an íomhá thuas

Dashr

Úsáidtear **Dashr** mar aip le trealamh gairmiúil atá deartha chun dul chun cinn an úsáideora i ngníomhaíocht choirp roghnaithe a thomhas.

Nascann sé leis na crua-earraí go léir is gá chun éagsúlacht imeachtaí uainiúcháin a dhéanamh a oibríonn taobh leis an app soghluaiste Dashr. Úsáideann sé geataí uainiúcháin gan sreang gur féidir a úsáid i bhfoirmíochtaí éagsúla chun luas, aclaíocht agus níos mó a thástáil. Teastaíonn feiste atá comhoiriúnach le Android nó iOS ó gach feiste uainiúcháin chun an aip shoghluaiste agus na crua-earraí a úsáid go comhuaineach. Ligeann an aip do mhic léinn agus do mhúinteoirí araon feidhmíochtaí a thaifeadh agus a rianú, chun na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim agus i bhforbairt scileanna a threorú.



Cliceáil ar an íomhá thuas

Slopro

Is uirlis taifeadta é **Slopro** chun gearrthóga d'aon fhad a chruthú agus luasanna éagsúla a chur i bhfeidhm orthu. Tá sé deartha le haghaidh úsáide iPad agus iPhone. Is iontach an rud é chun fianaise a thaispeáint do scoláirí ar fhorbairt a scileanna féin i ngníomhaíocht de réir mar a théann siad ar aghaidh, agus chun tacú leo agus iad ag machnamh. Feicimid an buntáiste a bhaineann le feidhmchláir ar nós Slopro a úsáid chun deis a thabhairt do mhic léinn úinéireacht a ghlacadh ar a gcuid foghlama trí mhachnamh a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht féin agus trí bhealaí a mheas chun é a fheabhsú.



Clliceáil ar an íomha thuas

Aipeanna agus foghlaim sa Chorpoideachas

Is féidir le teicneolaíocht dhigiteach tacú le forbairt scileanna smaointeoireachta criticiúla na mac léinn trí inrochtaineacht ar bhailiú sonraí agus anailís a sholáthar. Is iad na torthaí foghlama seo a leanas, mar shampla, rogha ó na snáitheanna trasna a léiríonn an nasc seo.

Snáithe 1: Inniúlacht

- 1.4 Ba chóir go mbeadh mic léinn in ann leibhéal scileanna pearsanta a mheas i raon de leibhéal ghníomhaíochta
- 1.9 Ba chóir go mbeadh mic léinn in ann a mheas conas is féidir úsáid na teicneolaíochta a úsáid chun feidhmíocht a fheabhsú.

Snáithe 2: Rannpháirtíocht

- 2.3 Ba chóir go mbeadh mic léinn in ann anailís a dhéanamh ar an nasc idir feidhmíocht phearsanta sa raon gníomhaíochtaí fisiceacha agus inspreatadh do rannpháirtíocht leanúnach
- 2.5 Ba chóir go mbeadh mic léinn in ann seicheamh gluaiseachta a mheas i ngníomhaíochtaí aeistéitiúla a chuimsíonn teicnící teicniúla, cumadóireachta, teicnící córagrafaíochta agus scileanna ábhartha.

Snáithe 3: Léirthuisicint


- 3.2 Anailís a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeabhsaíonn Feidhmiúlacht-Choibhneasa-Choibhneasa an fheidhmíocht
- 3.3 Monatóireacht a dhéanamh ar dhéine na gníomhaíochta coirp, folláine agus feidhmíocht thar thréimhse ama ag baint úsáide as raon teicnící tomhais.

Eacnamaíocht Bhaile

De réir shonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí (2016), 'Tacaíonn Oideachas Eacnamaíocht Bhaile... le scoláirí a fhorbairt ina smaointeoirí criticiúla, cruthaitheacha agus spreagann sé scoláirí a bheith ina réiteoirí faidhbe atá in ann cinntí a dhéanamh agus aird ar an bhfreagracht eiticiúil agus shóisialta'.

Ba ghné lárnach é cabhrú le scileanna smaointeoireacht chriticiúil na scoláirí inár gCeardlanna FGL le déanaí in Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí 2022/2023

Rinne muid machnamh le linn na gceardlann seo ar an gcaoi a bhféadfadh múinteoirí aiseolas idir piaraí a éascú agus a chothú. Roinn muid dhá Straitéis Aiseolais - **TAG** agus **Bullseye**, is straitéisí iad chun cabhrú le scoláirí smaoineamh chriticiúil a dhéanamh ar obair a gcomhghleacaithe agus aiseolas a chur ar fáil dóibh.



Clicéail ar na híomhanna thuas

Ar deireadh, roinn muid **gearrthóg fhíse** dár gcomhalta, Jackie, agus í ag roinnt a cuid machnaimh ar chomhchruthú critéir ratha chun cabhrú le haiseolas piaraí ina seomra ranga.



Caint na Scoláirí i Stair na Sraithe Sóisearaí

Modheolaíochtaí do Chaint na Scoláirí

Obair Ghrúpa

- Modheolaíocht Míreanna Mearaí
- Smaoinigh- Péireáil- Roinn
- Timpeallán
- Piarmheasúnú agus aiseolas i measc scoláirí
- Pléigh i mbeirteanna conas obair a chur i láthair agus critéir ratha a bhaint amach

Díospóireachtaí

- Ciorcal Sócraiteach
- Léiriú ar na Náisiúin Aontaithe
- Ponclathas
- Pluais na nDragún
- Cur agus cúiteamh 'Cuir i gcás?'
- Díospóireacht an Bhabhla Éisc

A bheith gníomhach

- Suíocháin teo
- Rólimirt
- Gníomhaíocht na gCéimeanna Móra
- Díospóireacht Siúil
- An duine deireanach ina sheasamh

Scafláil

- Am Feithimh
- Scríobh Intinne
- Gluaiseachtaí Cainte
- Ciúbanna Scéil
- Gluais na bpríomhthearmaí
- Eagraithe Grafacha
- Rollaigh an díse le leideanna

Gníomhaíochtaí Samplacha do Chaint na Scoláirí

Pluais na nDragún

An duine/ cúis / aireagán / iarmhairt / toradh / cor cinniúnach is suntasaí a chur i láthair

Cuir caisleán meánaoiseach ar ceant/ Déan cás do phlandáil

Earcaigh printiseach/ Díol rud éigin/ Déan cás le pátrún

Cruachásanna

Sórtáil cártaí carachtar: duine i láthair, an té is ciontaí, comhoibritheoir, íospartach

Dá mbeifeá i do ___ an mbeifeá níos fearr as i sochaí Fhaisisteach nó i sochaí Chumannach?

Rogha do gach céim de Ghéarchéim Dhiuracán Chúba / Gorta / Cogadh Domhanda?

Crúcaí

Féach ar fhíseán ciúin agus tabhair breithiúnas ar a bhfuil ag tarlú

Nochtadh píosaí Míreanna Mearaí chun grianghraf nó cartún polaitiúil a léiriú

Seisiún cainte faoi dhéantáin

Díospóireachtaí

Dráma seomra cúirte - Ar cheart cúitimh a íoc don am atá thart?

Cruthaigh anailís costais is tairbhe: Arbh fhiú ___ é?

Ag dul i ngleic le Miotais/Fíricí agus Bréaga/ Comhchealga- Cad é an fíorscéal?

Cruthú

Ceol amhrán, rap catha, tabhair aitheasc

Cruthaigh turas siúil

Taifead agallamh, podchraoladh nó craoladh nuachta

Tábhacht / Brí

Cé/ Cad é a mbeadh stampa cuimhneacháin de chuid An Post tuillte acu?

Cé ar fiú dó a bheith ina 'Dhuine na Bliana' ar an iris Time?

Cén t-imeacht, duine nó ceist shuntasach a ba cheart a chur san áireamh san ábhar seo?

Tíreolaíocht

Ceann de bhunchlocha Chreat na Sraithe Sóisearaí is ea go mbeadh scoláirí "ag smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil". Forbraíonn smaointeoireacht chriticiúil tuiscint gheografach agus spreagann sé fiosracht, ag cruthú deiseanna do scoláirí léamh, anailís, sintéis, agus eolas a bhailiú ó réimse leathan foinsí. Tá smaointeoireacht chriticiúil nasctha go dlúth le forbairt a dhéanamh ar chumas na scoláirí smaoineamh mar a bheadh tíreolaithe ann trí naisc a dhéanamh idir an domhan fisiciúil agus daonna. Mar thoradh air sin, tá smaointeoireacht chriticiúil lárnach inár FGL Tíreolaíochta go léir, agus tá go leor acmhainní ar fáil againn do mhúinteoirí le cur in oiriúint a chothóidh scileanna smaointeoireacht chriticiúil a scoláirí.

Is féidir le scoláirí a scileanna smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt trí phróiseas an fhiosrúcháin struchtúrtha. Trí cheisteanna a chur, sonraí a bhailiú, sonraí a mheas, agus sonraí a léirmhíniú, is féidir le scoláirí teacht ar thátail agus cinntí eolasacha a dhéanamh. Mar shampla, tugann MRB 1 Tíreolaíocht sa nuacht deis do scoláirí taighde a dhéanamh ar eachtra gheografach a tharla le déanaí a bhfuil tábhacht ag baint léi ar scála áitiúil, náisiúnta, nó domhanda

Rachaidh na scoláirí i mbun na bpríomhcheisteanna geografacha agus déanfaidh siad taighde ar an méid a tharla. Fiosróidh siad freisin cén áit agus cén uair a tharla an eachtra, cén fáth ar tharla sí, cé a raibh tionchar aici orthu agus cén chaoi. Ansin is féidir le scoláirí anailís a dhéanamh ar thábhacht na heachtra agus tuiscint níos fearr a fháil ar phatrúin, próisis, córais, scála agus inbhuanaitheacht na heachtra. Agus iad i mbun taighde ó fhoinsí éagsúla, gheobhaidh na scoláirí faisnéis a chabhróidh leo bonn eolais a chur faoi fhreagraí agus breithiúnais a dhéanamh. Tá an próiseas léirmhínithe sonraí chun tátail a bhaint astu tábhachtach freisin do scoláirí agus iad ag plé le ceisteanna atá neamhlíneach le nádúr agus a úsáideann spreagthaí éagsúla chun dúshlán scoláirí a thabhairt smaoineamh cosúil le tíreolaithe

Cuireann ár Seomraí Fíorúla MRB tacaíocht agus treoir ar fáil faoin bpróiseas fiosrúcháin struchtúrtha, ag cabhrú le scoláirí smaoineamh go criticiúil mar a bheadh tíreolaithe ann. Cliceáil ar íomhánna chun rochtain a fháil ar Sheomra Fíorúil MRB 1 agus MRB 2



MRB 1 - Cliceáil ar an íomhá thuas

Tíreolaíocht



MRB 2 - Cliceáil ar an íomhá thuas

Tá teimpléad faisnéis taighde le fáil sa seomra fíorúil a chabhróidh le scoláirí a scileanna taighde a fhorbairt agus naisc a dhéanamh le saincheisteanna nó imeachtaí geografacha éagsúla. Cliceáil ar an íomhá ar dheis chun rochtain a fháil ar an teimpléad sin.

Albhar taighde	Ceard?	Cá?	Cathain?
Ceist Gheografach:			
Foinse:			
Ceist Gheografach:	Cén Fáth?	Cá?	Cen chaoi?
Foinse:			
Foinsí Tacaíochta:			
Naisc le saincheisteanna/imeachtaí geografacha eile:			

Acmhainn amháin eile a d'úsáid muid chun cabhrú le smaointeoireacht chriticiúil **Sráid an Dollair** ó Shuíomh Gréasáin Gapminder. Agus Sráid an Dollair in úsáid acu, beidh scoláirí in ann an leibhéal ioncaim a nascadh le seansanna saoil duine óg i dtír fhorbartha agus i mbéal forbartha (TF 3.7). Is féidir le scoláirí "cuairt a thabhairt ar theaghlach" ó tír dá roghanna féin. Trí scrúdú a dhéanamh ar 'bio' (mionphróifíl) an teaghlaigh agus ar na híomhánna a ghabhann leis, is féidir le scoláirí faisnéis a bhaint as chun a thaispeáint conas a théann ioncam i bhfeidhm ar a seansanna saoil. Is féidir leis an acmhainn seo cabhrú le tuiscint gheografach na scoláirí a fhorbairt agus iad ag bailiú sonraí agus ag foghlaim chun smaoineamh cosúil le tíreolaithe trí na naisc a aithint idir leibhéal forbairt gheilleagrach (TF 3.6) agus seansanna saoil duine óg i dtír fhorbartha agus i dtír atá i mbéal forbartha (TF 3.7). Thioctadh leo réimse leathan fianaise a fhiosrú faoi fhorbairtí in áiteanna éagsúla ar fud an domhain agus bealaí éagsúla a bhreithniú chun breathnú ar thíortha agus iad a rangú trí chomparáidí a dhéanamh laistigh de thíortha agus idir tíortha.

Oideachas Reiligiúnach

Tá an tábhacht a bhaineann le smaointeoireacht chriticiúil agus a ról i seomra ranga an Oideachais Reiligiúin (OR) le feiceáil in ainm ár n-ábhair óir 'is féidir cur síos a dhéanamh ar oideachas reiligiúin mar an teagmháil chriticiúil idir oideachas agus reiligiún' (CNCM, 2017). Éilíonn an teagmháil chriticiúil sin gur spásanna iad seomraí ranga OR le haghaidh idirphlé measúil, éisteacht ghníomhach, ceistiú, taighde, agus machnamh ar an bhfoghlaim. Scrúdaímid na gnéithe seo inár gceardlann FGL reatha ina ndéantar iniúchadh ar chur chuige dialógach i leith ORSS.

Tá an nasc idir an seomra ranga dialógach agus an smaointeoireacht chriticiúil soiléir nuair a smaoinímid ar roinnt de thréithe na smaointeoireachta criticiúla atá ceangailte léi:


- A bheith leathanaigeanta
- Meas a léiriú ar fhianaise agus ar réasúnaíocht
- A bheith in ann peirspictíochtaí éagsúla a mheas agus dul i ngleic leo.

Tacaítear le smaointeoireacht chriticiúil trí phríomhscileanna na sraithe sóisearaí a fhorbairt. Le déanaí dhear muid gníomhaíocht foghlama **Ag Maireachtáil de réir Ár Luachanna** a bhfuil sé mar aidhm aici na príomhscileanna a bhaineann le hEolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú, Cumarsáid agus Obair le Daoine Eile trí obair a dhéanamh le TFanna éagsúla a bhaineann le luachanna, moráltacht agus éagsúlacht reiligiúin (TFanna 1.3, 1.11, 3.1, 3.9).

Agus foinsí luachanna á gcíoradh acu ina saolta féin nó i saol daoine eile, caithfidh scoláirí fianaise a bhailiú ar an gcaoi ar féidir le luachanna tionchar a imirt ar chinnteoireacht. Bíonn machnamh criticiúil ag teastáil chun an méid a chreideann duine a bheith tábhachtach a mheas mar aon leis an gcaoi ar féidir leis sin dul i bhfeidhm ar an sórt saoil a chleachtann siad. Is féidir **Muileata 9** a úsáid mar straitéis agus mar uirlis dhialógach ina n-oibríonn scoláirí le chéile chun smaoineamh ar na rudaí a thugann cuspóir agus brí don saol agus na luachanna sin a phlé agus a rangú in ord tábhachta. Mar shampla, An bhfuil airgead níos tábhachtaí ná saoirse nó gairm mhaith agus an duine sa tóir ar an sonas ina shaol?

Oideachas Reiligiúnach

Faoi mar a chabhraíonn ceistiúchán éifeachtach le smaointeoireacht chriticiúil is straitéis chabhrach eile í **Quadrant Cam** a úsáid. D'úsáid muid an straitéis seo inár gceardlann FGL 2021/2022 mar uirlis smaointeoireachta chun ceisteanna fiúntacha agus cuspóireacha a ghiniúint chun an fhoghlaim a threorú ar bhealach atá cuimsitheach agus dúshlánach araon.



Is gné thábhachtach don smaointeoireacht chriticiúil é an machnamh. Is féidir an **straitéis 3-2-1** a úsáid tar éis staidéar a dhéanamh ar aonad foghlama agus cabhraíonn sí sin le scoláirí machnamh chriticiúil a dhéanamh ar a gcuid foghlama. B'fhéidir go smaoiníodh an scoláire ar thrí rud a d'fhoghlaim siad, dhá cheist, agus rud amháin a thaitin leo. Is féidir leis an múinteoir an cleachtadh athmhachnaimh sin a chur in oiriúint freisin chun cabhrú le measúnú foirmitheach.

I seomra ranga an OR, tá úsáid na smaointeoireachta criticiúla riachtanach agus muid ag obair chun téacsanna naofa a thuiscint agus a anailísiú, cóid mhorálta a léirmhíniú, agus luachanna agus tiomantas daoine a thuiscint i leith réimse éagsúil creidimh reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha. Tá súil againn go gcabhraíonn na straitéisí éagsúla atá leagtha amach san alt gearr seo le cabhrú le smaointeoireacht chriticiúil i do sheomra Oideachas Reiligiúin.

Eolaíocht

'A smaointeoireacht chriticiúil... a ghabháil go criticiúil... le tuiscint chriticiúil... anailís chriticiúil a dhéanamh ar shonraí... ag baint úsáid as imscrúdú casta agus criticiúil... athscrúdú a dhéanamh d'aon ghnó nó go criticiúil'.

Sonraíocht Eolaíochta na Sraithe Sóisearaí

Tá go leor tagairtí ina sonraítear an tábhacht a bhaineann le smaointeoireacht chriticiúil i Sonraíocht Eolaíochta SS. Tá smaointeoireacht chriticiúil ríthábhachtach don fhorbairt san eolaíocht agus tá forbairt scileanna smaointeoireacht chriticiúil scoláirí i gceist sna heispéiris foghlama ghairmiúla do mhúinteoirí atá déanta ag foireann Eolaíochta SSM. Is scil an-luachmhar í an Smaointeoireacht Chriticiúil i dtimpeallachtaí oibre agus sa ghnáthshaol.

Luaitear smaointeoireacht chriticiúil faoi Fhearann 1: Torthaí Foghlaimeoirí in LAOS 2022 (Ag Breathnú ar an Scoil Againn) agus Fearann 2: Eispéiris Foghlaimeoirí in LAOS 2022 mar chuid de chleachtais éifeachtacha agus an-éifeachtacha. Cuirtear luach ar scileanna smaointeoireacht chriticiúil ár scoláirí agus ar an gcaoi a bhforbraítear iad sin ar fud na sraithe sóisearaí.

Nós Intinne Eolaíochta

In 2020-2021, tugadh isteach nós intinne eolaíochta mar chuid de chnuaslá Eolaíochta SSM. Spreagann sé scoláirí smaoineamh go criticiúil agus iad ag plé leis an saol mórthimpeall orthu. Tá an íomhá thíos curtha in oiriúint ó Ollscoil Berkeley ar bhealaí chun nós intinne eolaíochta a fhorbairt.



Eolaíocht

Smaointeoireacht Heicseagánach

Is modh simplí é smaointeoireacht heicseagánach a mbíonn torthaí móra smaointeoireacht chriticiúil mar thoradh air. Is modh cruthaitheach díospóireachta é a ligeann d'fhoghlaimoirí smaoiniamh ar choincheapa agus ar naisc ar bhealach difriúil.



Tarlaíonn an fhoghlaim de réir mar a nascann scoláirí heicseagáin mar bhealach chun téarmaí nó coincheapa a nascadh. Má dhéantar é i ngrúpaí, is dóichí go dtarlóidh díospóireacht agus plé agus scoláirí ag cosaint na gcúiseanna ar chóir heicseagán amháin a cheangal le ceann eile. Mar mhúinteoir, is féidir na comhráite agus na cosaintí sin a mheas chun tuiscint a thomhas.

SCAMPER

Is teicníc ransaithe smaointe é SCAMPER chun smaointeoireacht chriticiúil chruthaitheach a chur chun cinn agus chun cabhrú le scoláirí smaointe nua a ghiniúint. D'fhéadfadh an teicníc seo a bheith ina túsphointe do scoláirí atá ag tabhairt faoi thionscadal agus is féidir ceisteanna a chur in oiriúint do do scoláirí agus don fhoghlaim atá i bhfócas. Is féidir leis cabhrú le scoláirí smaointe a fhorbairt tuilleadh agus iad ag obair go neamhspleách nó lena gcomhghleacaithe.

Leasaigh
 Cad é tharláinn má dhéanaimid an solas a fhaigheann an planda póiníri a oiriúint do solas dearg, glas nó gorm ag úsáid alcéit dhuille?

Modhnaigh
 Cad é tharláinn má dhéanaimid a dhuilleoga a mhodhnú, mar shampla trí líon na nduilleoga a laghdú nó trí chuid acu a chloíodach le scráilí alúmanaim?

Bain Úsáid As
 Má thógaimid córas chun an t-éid is mó fótaisintéise a bhaint amach, cén chaoi ar féidir linn úsáidí eile a bhaint as?

Comhcheangail
 Cad iad na tosca nó na hábhair is féidir linn a chur le chéile chun an t-éid a fótáintéise a ardú?

Is teicníc tobsmaointeoireachta é SCAMPER a úsáidtear mar spreagadh chun:

- Do chuid ceisteanna féin a chur
- Do chuid smaointe féin a chumadh

Cealaigh
 Cad a tharlóidh má bhaintear an solas nó an t-uisce?

Cuir in áit
 Cad é tharláinn má mharlartaim muid gnáth-aeir le haghaidh aeir ina bhfuil túsach níos airde de dhéisead charbóin?

Athchóirigh
 Cad é a tharláinn má mharlartaim fad an lae agus na hoíche?

Cuir in áit (tonadaigh)
 An bhféadainn ceimear, réid, meath, stéing, ábhar nó píosa trealamh difriúil a chur in áit na gnáth-aeir?

Comhcheangail (Cuir le chéile)
 An bhféadainn modhanna a chomhcheangail chun meath níos mó a dhéanamh ar an t-éid? An bhféadainn an t-éid a chur le chéile chun meath a dhéanamh níos mó?

Leasaigh (Oiriúnaigh)
 An bhféadainn an t-éid a chur le chéile chun meath a dhéanamh níos mó? An bhféadainn réiteach ar shamhail amháin a oiriúint chun cabair le samhail difriúil a réiteach?

Modhnaigh (Formhódaigh)
 An bhféadainn an t-éid a mhodhnú mar shampla trí líon na nduilleoga a laghdú nó trí chuid acu a chloíodach le scráilí alúmanaim?

Bain Úsáid As (Bain Úsáid eile as)
 An bhféadainn úsáid a bhaint as an t-éid chun meath a dhéanamh níos mó? An bhféadainn an t-éid a chur le chéile chun meath a dhéanamh níos mó?

Cealaigh (Cuir deireadh le)
 An bhféadainn an t-éid a bhaint amach? An bhféadainn an t-éid a bhaint amach nó a chloíodach le scráilí alúmanaim?

Athchóirigh (Iompair)
 An bhféadainn an t-éid a chur le chéile chun meath a dhéanamh níos mó? An bhféadainn an t-éid a chur le chéile chun meath a dhéanamh níos mó?


www.ict.ie/science @ICTScience Tabhair faoi deara, le do thoil: Is sampla iad na ceisteanna atá san áireamh agus níl siad ceaptha a bheith uilghbháil.

Ceistiú Éifeachtach

In eispéireas foghlama gairmiúla na bliana seo, rinne muid iniúchadh ar ról an cheistithe éifeachtaigh i seomra eolaíochta na Sraithe Sóisearaí trí scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi chun pleanáil i gcomhair ceistiú éifeachtach agus ar an gcaoi ar féidir le ceistiú éifeachtach cabhrú le scileanna smaointeoireacht chriticiúil na scoláirí trí cheisteanna a chur:

- a mhúsclaíonn spéis, a thugann dúshlán nó a mheallann chun cainte
- a fhorbraíonn agus a dhoimhníonn smaointeoireacht na bhfoghlaimoirí
- a spreagann smaointeoireacht ar phríomhchoincheapa
- a úsáideann réamheolas chun tuiscint nua a chruthú
- a dhéanann measúnú ar an réamheolas agus ar an tuiscint sin.

Mar thoradh, is féidir cuspóir a thabhairt do cheisteanna agus foghlaim do gach duine a chur chun cinn.



Na Teicneolaíochtaí




I rith na Sraithe Sóisearaí, tugann scoláirí a bhíonn ag plé le haon cheann de na ceithre hábhair Theicneolaíochta faoi go leor turais foghlama a thugann a ndúshlán smaoineamh dearaidh bunaidh a thabhairt ó cheapadh go réadú. Cuireann na turais foghlama seo ar chumas na scoláirí scileanna smaointeoireacht chriticiúil éagsúla ardoird a fhorbairt de réir mar a bhíonn siad ag coincheapú, ag anailísiú, ag cur i bhfeidhm, ag measúnú, agus ag cruthú sa Teicneolaíocht Fheidhmeach, Teicneolaíocht Adhmaid, Innealtóireacht agus Grafaic. Cuireann na scileanna sin ar chumas na scoláirí smaoineamh ar nós dearthóirí, agus forbraíonn siad freisin na Príomhscileanna a bhaineann le bheith Cruthaitheach agus le hEolas agus Smoointeoireacht a Bhainistiú.

Chun cabhrú le scoláirí ar na turais dearaidh sin, is féidir úsáid a bhaint as cuir chuige sa seomra ranga amhail fréamhshamhaltú, cumarsáid ghrafach íseal-dílseachta (sceitsí), agus scéalta a chur ar chlár chun a chur ar chumas na scoláirí coincheapa a dhéanamh dá gcuid smaointe agus iad sin a fhorbairt. De réir mar a thosaíonn scoláirí ag aithint go bhfuil an próiseas seo atriallach agus gur féidir an dearadh a fheabhsú i gcónaí, baintear úsáid cheart as cumhacht na scileanna seo na smaointeoireachta criticiúla.


Le linn Imeacht Foghlama an Fhómhair ar líne (OLE) againn in 2022, thug foireann na dTeicneolaíochtaí léiriú ar na cuir chuige seo le cabhair ó Orla McKeever (Ionad Chorcaí don Oideachas Ailtireachta) agus Fiona Byrne (An Smoineamh Mór). Roinneadh píosaí ina bhfuil eispéireas foghlaimeora i suíomh ranga freisin chun a léiriú conas is féidir leis na modheolaíochtaí seo cabhrú le turais dearaidh na scoláirí. Is féidir teacht ar na físeáin agus ar na hacmhainní gaolmhara ar ár suíomh gréasáin.

Ar na hacmhainní eile a d'fhorbair foireann SSM na dTeicneolaíochtaí chun cabhrú le múinteoirí smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt sna deiseanna foghlama a chuireann siad ar fáil dá scoláirí, áirítear:



Grafaic – **Acmhainn Tangency**

Teicneolaíocht Fheidhmeach – **Acmhainn Mhachnaimh**

Teicneolaíocht an Adhmaid – **Mo Threoir Dhearaidh** 

Innealtóireacht – **Aonad Foghlama**

Amharc-Ealaín

Le linn ár gCnuaslaethanta FGL in 2021/22, d'oibrigh an fhoireann Amharc-Ealaíne agus múinteoirí Amharc-Ealaíne le chéile chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le Nósanna Intinne Cruthaitheacha le Bill Lucas cabhrú le forbairt smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach.

Labhraíonn Bill Lucas, Stiúrthóir an Centre for Real-World Learning, in Ollscoil Winchester faoin gcruthaitheacht agus faoin smaointeoireacht chriticiúil mar chuid de chontanam. Ag taobh amháin, cuireann sé cruthaitheacht, a bhaineann go minic le smaointe duine agus le smaointeoireacht iltreoch agus ag an taobh eile, smaointeoireacht chriticiúil, nasctha le critic agus le hanailís a dhéanamh ar inmharthanacht ár gcuid smaointe. Áitíonn sé gur idir eatarthu, atá na meonta a bhaineann le bheith leanúnach, comhoibritheach, smachtaithe, samhlaíoch agus fiosrach. Is iad sin na cúig fhearann dá 'Nósanna Intinne Cruthaitheacha' a mhaíonn sé atá tábhachtach do dhuine a fhoghlaim chun smaoinemh ar bhonn níos cruthaithí agus níos criticiúla.

Cabhraíonn na straitéisí smaointeoireachta seo a leanas le scoláirí na cúig mheon seo a fhorbairt, agus mar sin, cuirtear ar chumas na scoláirí smaoinemh níos cruthaithí agus níos criticiúla. Clliceáil anseo chun teacht ar na straitéisí smaointeoireachta seo i **rannán acmhainní** ár suímh Ghréasáin.

Amharc-ealaín
Nósanna cruthaitheacha na hintinne

Samhlaíoch Seasmhach Fiosrach Smachtaithe Comhoibrioch

5 Cén fáth

Aimsigh croí na faidhbe / an smoinimh / na spéise.
Spreag an smaointeoireacht ar réitigh shamhlaíocha trí gach minió a fhiosrú le ceist eile 'cén fáth?'.

Cén fáth?

Cén fáth?

Cén fáth?

Cén fáth?

Cén fáth?

Cén fáth?

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
An Roinn Oideachais
Department of Education
JuniorCYCLE
for teachers

Amharc-ealaín
Nósanna cruthaitheacha na hintinne

Samhlaíoch Seasmhach Fiosrach Smachtaithe Comhoibrioch

Cuir in oiriúint do chuid smaointeoireachta...

Triail	Cad é a d'fhéadfainn a thriail?
Forbair	Cén chuid/ cé na codanna a d'fhéadfainn a fhorbairt níos mó?
Fiafraigh	Cad é is féidir liom a fhoghlaim ó scoláirí eile?
Cleachtaigh	Cad é a d'fhéadfainn a thriail arís?
Smaoinigh	Cá háit anois?

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
An Roinn Oideachais
Department of Education
JuniorCYCLE
for teachers

Amharc-ealaíir
 Nósanna cruthaitheacha na hintinne

Samhlaíoch Seasmhach Fiosrach Smachtaithe Comhoibriúch

Ionbhá a Mhapáil

Is féidir réiteach a fháil ar roinnt fadhbanna ach a bheith in ann do shamhlú féin in áit duine eile. Má fhiafraíonn tú diot féin cad é a déarfadh, a smaoineodh, a dhéanfadh agus a mhothódh duine eile bíonn dearcadh difriúil agat.

Abair Cad é a déarfadh sé?	Smaoinigh Cad é a smaoineodh sé?
Cé a d'fhéadfá a shamhlú?	
Déan Cad é a dhéanfadh sé?	Mothaigh Cad iad na mothúcháin a bheadh aige?

CC BY-NC
 An Roinn Oideachais Department of Education
 An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
 for teachers

Amharc-ealaíir
 Nósanna cruthaitheacha na hintinne

Samhlaíoch Seasmhach Fiosrach Smachtaithe Comhoibriúch

Sreabhadh Smaointe

D'fhéadfaí an straitéis a úsáid chun téama, topaic, smaoineamh nó fadhb a léirmhíniú. Is féidir leis tacú le scoláirí a gcuid smaointeoireachta a mheas agus a gcuid smaointe agus gníomhartha a chinntiú.

Cad é atá ar eolas agam cheana féin?
 ... faoi théama, topaic, smaoineamh nó fadhb? Cad é an taithí atá agam? Cad é an t-eolas atá agam?

Conas atá a fhios agam?
 An bhfuil mo chuid faisnéise iontaoifa? An ndearna mé talamh slán de rudaí, gan ceist a chur? An bhfuil mé claonta?

Cad é atá tábhachtach?
 An bhfuil suim agam sa réimse seo? Conas a roghnaigh mé mo phríomhfhoinsí? An bhfuil siad pearsanta? Cad é a ba mhaith liom mo chuid oibre a léiriú?

Cad é atá ar iarraidh?
 Cad é eile a d'fhéadfadh a bheith ar eolas agam? Cad é ab fhíú a fhoghlaim? Cén áit /nó cé uaidh a bhfaighinn tuilleadh eolais?

Cad é mo phlean gníomhaíochta?
 Cén áit le dul ina dhiaidh sin? Conas a rachaidh mé ann? Cad é is gá dom a dhéanamh? Cad é an chéad chéim eile?

CC BY-NC
 An Roinn Oideachais Department of Education
 An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
 for teachers

Amharc-ealaíir
 Nósanna cruthaitheacha na hintinne

Samhlaíoch Seasmhach Fiosrach Smachtaithe Comhoibriúch

D'fhéadfaí an straitéis smaointeoireachta seo a úsáid chun plé agus smaointeoireacht a spreagadh i measc na scoláirí chun cabhrú lena chéile agus a gcuid foghlama a bhogadh ar aghaidh.

Sprioc
 Cad é a ba mhaith leat a bhaint amach?
 Cén réimse ar mhaith leat a bheith ag obair air?
 Conas a ba mhaith leat é seo a bheith?

Réaltacht
 Cad é a d'fhoghlaim tú?
 Cad é atá ag obair go maith?
 Cad iad na cineálacha eile taighde atá ag teastáil?

Roghanna
 Cad iad na smaointe eile atá agat?
 Cad iad na céimeanna a d'fhéadfá a ghlacadh?
 Cad eile a d'oibreodh anseo?

Bealach chun tosaigh
 Cad é a d'fhéadfá a dhéanamh ina dhiaidh sin?
 Cad é an chéad chéim?
 Cén chabhair atá de dhíth ort agus cé uaidh?

Curtha in oiriúint ón Grow Coaching Model (J.Whitmore)

CC BY-NC
 An Roinn Oideachais Department of Education
 An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
 for teachers

Amharc-ealaíir
 Nósanna cruthaitheacha na hintinne

Samhlaíoch Seasmhach Fiosrach Smachtaithe Comhoibriúch

Cleachtas le Cuspóir

Sainaithin rud éigin, tasc nó scil atá dúshlánach agat agus smaoinigh ar do dhul chun cinn san fhoghlaim agus tú ag feabhsú le cleachtadh le himeacht ama.

Bain triail as → Cad é mar a d'éirigh leat

Smaoinigh ar an méid seo a leanas...

- Rud a rinne mé go han-mhaith...
- Rud a d'fhéadfainn a dhéanamh níos fearr...
- Rud a chuir iontas orm...

Bain triail as arís eile, b'fhéidir ag díriú ar na codanna a cheapann tú a d'fhéadfá a dhéanamh níos fearr.

CC BY-NC
 An Roinn Oideachais Department of Education
 An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
 for teachers



Laethanta saoire nó guthán nua? An ghairm bheatha seo nó an cúrsa siúd? An gá muinín a bheith agam as an duine sin? An páirtí polaitíochta sin nó siúd?

Déantar na mílte cinneadh, idir mhór agus bheag, díreach cosúil leis sin gach uile lá- i gcónaí ag iarraidh an rogha is fearr a dhéanamh ó thaobh costais, ó thaobh cáilíochta, ó thaobh achar ama, ó thaobh riachtanas agus ó thaobh impleachtaí de. Anuas air sin, tá na cinntí a dhéanaimid ceangailte go himmheánach lenár bpearsantacht. Ar chúis éigin, bíonn sé tábhachtach dúinn go bhfrithchaitheann ár gcinntí ár bpearsantacht, ár dtuairimí agus ár luachanna. Dá bharr sin, tá áit lárnach ag an smaointeoireacht chriticiúil i saol an duine. Conas a chothaítear an scil seo, áfach, gan eagla díoltais nó gan dochar a dhéanamh duit féin ná d'aon duine eile? Ceann de na bealaí is fearr chun an inniúlacht seo a fhorbairt agus a chleachtadh ná trí staidéar a dhéanamh ar an litríocht.

De réir mar a théann scoláirí i ngleic le staidéar na litríochta sa tSraith Shóisearach, tá an fhéidearthacht acu an difríocht idir réaltacht agus tuairim a aithint, na gnéithe a bhaineann le seánraí litríochta áirithe a aithint, ionannú a dhéanamh le gnéithe áirithe i dtéacs litríochta, scileanna chun freagairtí pearsanta a fhorbairt, an mhuinín iontu féin chun a bheith ina smaointeoirí neamhspleácha a chothú agus plé a dhéanamh ar chúinsí éagsúla. Cabhraíonn an fhoghlaim, an t-idirphlé agus an ceistiúchán sin go mór le fás agus forbairt scileanna criticiúla na scoláirí.

Anuas air sin, díreann aird na múinteoirí ar scileanna criticiúla i gceardlann FGL sa Ghaeilge 2022/2023 trí leas a bhaint as seánraí éagsúla ar nós na gearrscannánaíochta agus na filíochta. Déantar iniúchadh cuimsitheach ar conas iad a chothú, a chur in oiriúint do shuíomhanna agus comhthéacsanna éagsúla agus conas feabhas a chur orthu ag leibhéal cumais an scoláire. Chomh maith leis sin, pléitear na buntáistí agus na buanna a bhaineann leo ach go háirithe. Tríd an bplé seo, caitear spotsolas ar an méid eolais, tuisceana agus luachanna atá le foghlaim nuair atá scileanna criticiúla ar a dtoil ag na scoláirí. Cabhraíonn siad leo i ngach cuid den saol, ní hamháin san oideachas.



Gaeilge

Cothaíonn scileanna criticiúla neamhspleáchas ins an scoláire mar tá siad in ann an t-idirdhealú a dhéanamh idir foinsí eolais chun breithiúnas feasach a dhéanamh dóibh féin, seachas a bheith ag brath ar a gcomhaoisigh ná ar na meáin. Tacaíonn siad le scoláirí a bheith réidh don saol taobh amuigh den scoil in ionad a bheith réidh do scrúdú amháin. Neartaíonn siad a stór uirlisí ionas go mbeidh siad in ann an fód a sheasamh nuair is gá agus nuair a aithníonn siad go bhfuil rud éigin mícheart ag tarlú. Beidh siad in ann an reitric a aithint chomh luath is a chloiseann siad í. Is as an bhfréamh seo, an smaointeoireacht chriticiúil, a eascraíonn na duilleoga ildaite de chumas, d'fhéin-mhuinín agus de neamhspleáchas.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

FGL Gaeilge T1 2022-2023 Acmhainní

Cliceáil thíos chun rochtain a fháil ar an acmhainn

- Teimpléad ar Mhúlna Frayer
- Liostaí Litríochta
- Teimpléad Pleanála idirghníomhach T1

Cliceáil thíos chun na blurbá a léamh

- Gearrscannáin don Chéad Bhliain
- Gluaischárta na Gearrscannánaíochta
- Gearrscannáin don Dara agus an Tríú Bliain
- Drámaí don Chéad Bhliain
- Gluaischárta na Drámaíochta
- Drámaí don Dara agus an Tríú Bliain
- Gearrscéalta don Chéad Bhliain
- Úrscéalta don Chéad Bhliain

www.jct.ie

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

FGL Gaeilge T2 2022/2023 Acmhainní

Cliceáil thíos chun rochtain a fháil ar an acmhainn

- Gluaischárta na Gearrscannánaíochta
- Gluaischárta na Gearrscannánaíochta
- Teimpléad Pleanála idirghníomhach T2

Cliceáil thíos chun na blurbá a léamh

- Gearrscannáin don Chéad Bhliain T2
- Gearrscéalta don Chéad Bhliain T2
- Drámaí don Dara agus an Tríú Bliain T2
- Úrscéalta don Dara agus an Tríú Bliain T2

www.jct.ie



Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach



Cuireann foireann na nEalaíon sa tSraith Shóisearach iliomad deiseanna ar fáil do mhúinteoirí dul i ngleic leis an domhan mórthimpeall orthu trí smaointeoireacht chruthaitheach agus chriticiúil, de réir Phríomhscileanna agus Phrionsabail an Chreata don tSraith Sóisearach (2015).

Tugaimid cuireadh duit iniúchadh a dhéanamh ar **ár suíomh gréasáin** chun podchraoltaí agus gearrscannáin a aimsiú ina labhraíonn réimse éagsúil cleachtóirí ealaíona linn faoina gcuid oibre – na cineálacha ceisteanna a chuireann siad orthu féin, an taighde a dhéanann siad, conas a théann siad i mbun réiteach fadhbanna agus roghanna eile a lorg agus conas a chuireann siad a dteachtaireacht in iúl do lucht féachana. Tá rud éigin ann do gach duine anseo chun fiosracht a spreagadh agus smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh! Agus ar ndóigh, sna hEalaíona sa tSraith Shóisearach tá cáil orainn mar gheall ar an réimse ceardlanna roghnacha fairsinge a chuirimid ar fáil do mhúinteoirí chun cabhrú le smaointeoireacht chriticiúil agus í a spreagadh trí fhoghlaim phraiticiúil.

Féach ar chlár imeachtaí an Earraigh 2023 againn ar an gcéad leathanach eile agus cliceáil ar na naisc ábhartha chun clárú.

Chun fanacht ar an eolas faoin méid atá ar fáil don earrach agus don samhradh, cláraigh lenár **liosta seoltaí** agus má tá aon cheisteanna agat ná bíodh aon leisce ort ríomhphost a chur chugainn ag info@artsinjuniorcycle.ie

Táimid ag tnúth le bualadh leat!



Cliceáil ar an íomhá thuas!



i gcomhpháirt le...	ÁIT	CEARDLANN	EOLAS
	Gaillimh	A Fresh Perspective: Poetry with Luke Morgan	Use creative and critical thinking skills as you explore your personal voice in poetry.
	Ar Líne	The Art of Playwriting	Consider what makes an effective drama and collaborate to create your own tiny play.
	Ionaid Oideachais	Artistic Performance, Coding and Digital Media Literacy	Participate in a full-day elective workshop to support engagement with one of these short courses.
	Dún na nGall & Corcaigh	<i>Tartuffe: Text to Performance</i>	See Molière's classic comedy Tartuffe and reflect critically on how a play in performance communicates its message to an audience.
	Muineachán & Gaillimh	Let's Dance with JCT PE team	Collaborate to create and choreograph a dance.
	Ar Líne	Crafting Contemporary Culture The Role of Curation Today	Gain insights into the role of contemporary curators and their impact on the art world and broader society.
	Ar Líne	Socially Engaged Art	Explore the role of art in promoting social change and community engagement.
	Ar Líne	Fostering Environmental Awareness through Contemporary Art	Explore the intersection between art, food and the environment, self-sufficiency and sustainability.
	Ar Líne	Find the Seeker: Reading and Writing Poetry	Expand your repertoire of methodologies for engaging with, and creating poetry.
	Baile Átha Cliath	Library Conservation with Louise O'Connor	Gain insights to the role of a conservator, experience creative approaches, understand ethical considerations & engage in practical conservation techniques.
	Ar Líne	Journalism in a Digital World	Gain insights and explore ways to engage with and create news stories in multi-modal forms.
	Ar Líne	<i>Knights of the Borrowed Dark: Approaches to Story Writing</i>	Explore the process of idea generation, character creation and development through this junior cycle English indicative novel.
	An Mhí	A Walk Through Time	Engage in field work techniques and methods, investigate historical artefacts and participate in a guided walk.
	Baile Átha Cliath	Collaborate and Compose with composer and musician Elaine Agnew and poet Jessica Traynor	Engage in a collaborative creative process through music and word, work together in harmony in a spirit of fun and spontaneity.

Féile na Foghlama Gairmiúla

Foghlaim & Comhoibriú sa tSraith Shóisearach a
cheiliúradh

Tá SSM ag cur sraith imeachtaí foghlama
gairmiúla ar siúl ón 25 - 30 Márta 2023

Bí linn chun foghlaim sa tSraith Shóisearach a roinnt, a chomhoibriú
agus a cheiliúradh

Clár Ábhair

Na hEalaíona sa tSS

Taibhiú Ealaíne: Rannpháirtíocht sna
hEalaíona
Am: 10:30 - 15:30
Áit: Ionad Oideachais Dhroim Conrach

Dé Sathairn
25
Márta
(aghaidh ar
aghaidh)

Na hEalaíona sa tSS

Codú le BBC Micro:bit
Am: 10:00 - 15:45
Áit: Ionad Oideachais Laoise

Na hEalaíona sa tSS

Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha
Strand 3 - Checking the Facts
Am: 10:15 - 15:30
Áit: Ionad Oideachais Dhroim Conrach

Na hEalaíona sa tSS
Taibhiú Ealaíne: Rannpháirtíocht sna
hEalaíona

Am: 10:30 - 15:30
Áit: Ionad Tacaíochta Oideachais Chorcaí

Eolaíocht

Are Bioplastics a Solution to Traditional
Single-Use Plastics?
 Am: 10:00 - 11:00

Dé Luain
27
Márta
(Ar Líne)

Ceannaireacht / CFL1/2/ NCSE

Planning an inclusive Junior Cycle
programme for all students including
those with Special Educational Needs
Am: 11:30 - 12:30

OSPS

An Introduction to the Updated
Specification for the NCCA Short
Course in SPHE (2023)
Am: 17:00 - 18:00

Dé Luain
27
Márta
(Ar Líne)

Tíreolaíocht

Exploring Local Geology with
Siobhán Power (Geological Survey Ireland)
Am: 18:30 - 19:30

Na Nuatheangacha Iasachta

Student Autonomy in MFL: A practical
approach to developing intrinsic
motivation in students
Am: 18:30 - 19:30

Staidéar Gnó

Considering approaches to support the
enactment of Level 2 Learning
Programmes in Business Studies
Am: 20:00 - 21:00

Mata

Connecting with Mathematics in
Everyday Life
 Am: 10:00 - 10:40

Dé Máirt
28
Márta
(Ar Líne)

Ceol


Celebrating Level 2 Learning in the
Junior Cycle Music Classroom
Am: 17:00 - 18:30

Gaeilge

Straitéisí Múinteoireachta a Roinnt
Am: 17:00 - 18:00

English

Coherence and Expression: Developing
writing skills through the Indicative and
Prescribed Text Lists
Time: 18:30 - 19:30

 Chun clárú do cheardlann,
cliceáil anseo!



Teicneolaíocht an Adhmaid
Exploring the Opportunities and Possibilities of Woodturning in Junior Cycle Wood Technology
Am: 18:30 - 19:30

**Dé Máirt
28
Márta
(Ar Líne)**

Eacnamaíocht Bhaile
Effective Questioning to Support Deeper Student Engagement, Understanding and Participation in the Home Economics Classroom
Time: 20:00 - 21:00

Amharc-Ealaín
Bringing Learning to Life: Supporting students following Level 2 Learning Programmes in the Visual Art Classroom
Am: 20:00 - 21:00

Corpoideachas
Planning for Student Learning using an Excel Digital Planning Tool
Am: 17:00 - 18:00

Mata
Exploring Mathigon's Polypad - A Digital Learning Technology for Visual Representations and Manipulatives in Mathematics
Am: 17:00 - 18:15

**Dé Céadaoin
29
Márta
(Ar Líne)**

Eolaíocht
Sustainability in Science - Moving from Awareness to Action
Am: 18:30 - 19:30

Stair
Creating Virtual History Tours with Junior Cycle Students
Am: 18:30 - 19:30


Eolaíocht
Working with Data: Developing interactive learning experiences using the James Webb Space Telescope (JWST) in collaboration with DIAS and ESERO
Am: 17:00 - 18:00

Oideachas Reiligiúnach
Ways of Seeing and Learning in the Religious Education Classroom
Am: 18:30 - 19:30

**Déardaoin
30
Márta
(Ar Líne)**

Innealtóireacht
Supporting Pedagogical Practices in Junior Cycle Engineering with Innovative Use of Laser Technology
Am: 18:30 - 19:30

Léann Clasaiceach
Digital Storytelling with Stop-Motion Animation in the Classics Classroom
Am: 20:00 - 21:00

 **Chun clárú do cheardlann, clíceáil anseo!**



Tabhair faoi deara:

Léiríonn imeachtaí a thaispeánann íocón an dalta ina geur síos go bhfuil siad deartha le haghaidh rannpháirtíocht na ndaltaí agus go gcaolfar iad i rith an lae scoile

Chun clárú do cheardlann, clíceáil anseo! Is féidir an cód QR a scanadh chomh maith



Podchraoltaí - Junior Cycle Talks



Tá ár gcainéal phodchraolta 'Junior Cycle Talks' ag dul ó neart go neart. Is féidir leat teacht ar neart eipeasóid ar ábhair dhifriúla. Cuardaigh 'Junior Cycle Talks' pé áit a éisteann tú le do phodchraoltaí.

I measc na n-eipeasóidí is déanaí tá...



JCT English - Múinteoir Béarla, Niall Daly - Part 1 & Part 2



Arts in Junior Cycle & JCT English - Ealaíontóir leabhar grinn, Will Sliney



Arts in Junior Cycle - File agus Údar, Colm Keegan

Tugann gach podchraoladh léargas iontach ar na príomhscileanna a bhaineann leis an tSraith Shóisearach

Cuardaigh 'Junior Cycle Talks' pé áit a is fearr leat teacht ar phodchraoltaí!



Tacaíochtaí Breise






Le déanaí, d'eisigh Cigireacht na Roinne Oideachais dréacht-shraith de Ag Breathnú ar... don Bhéarla, don Amharc-Ealaín, don Ghnó agus don Mhatamaitic.

Is féidir teacht ar gach ceann acu ach cliceáil ar an íomhá ar chlé. Is féidir aiseolas a sheoladh mar ríomhphost freisin chuig sse@education.gov.ie



Féach ar ár suíomh gréasáin chun na huasdátuithe is déanaí a fháil chun tacú le do chleachtas ranga.



Gabh ar ár liostaí seachadta.



An bhliain acadúil seo, chuaigh SSM i dteagmháil le bhreis agus 30,000 múinteoir ar fud gach réimse ábhair mar chuid de chnuasach FGL.

Buíochas mór le gach duine a ghlac páirt agus a thacaigh leis an rannpháirtíocht gach lá ar líne.

*Mile
Buíochas!*

Isteach

Lig isteach an lá
ardaigh an dallóg
táim ar snámh
le solas loch gréine
trí fhuinneog.

Féach an cóch ag líonadh
éadaí tí ar líne
táim ag seoladh
le gaoth na bhfocal
trí ghairdíní.

Tá gach aon ní mar atá
ní gá imní níos mó inniu
táim beo lá amháin
le grá don uile
ar fónamh.

Liam Ó Muiritle



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE
for teachers

Ionad Oideachais Mhuineacháin,
Bóthar Ard Mhacha,
Co. Mhuineacháin.
+353 (0) 47 74008



[@JCforTeachers](https://twitter.com/JCforTeachers)



<http://www.jct.ie>